www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

**ADVANCED SUBSIDIARY (AS)**
**General Certificate of Education**
**January 2011**

# Rialtas agus Polaitíocht

## Aonad Measúnaithe AS 1

Rialtas agus Polaitíocht
Thuaisceart Éireann

**[AQ111]**

AQ111

**DÉARDAOIN 13 EANÁIR, MAIDIN**

**AM**

1 uair 15 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá ar fáil.
Déan staidéar ar an fhoinse ábhar atá leis seo agus freagair ceisteanna **1** agus **2** agus ceachtar acu **3(a)** nó **3(b)**.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 50 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gceisteanna **2** agus **3**.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

**COMHAIRLE D'IARRTHÓIRÍ**

Moltar duit an t-am scrúdaithe a roinnt de réir líon na marcanna atá ag dul do gach ceist.
Moltar duit staidéar a dhéanamh ar an fhoinse ábhar sula ndéanfaidh tú iarracht ar na ceisteanna **1** agus **2** a fhreagairt, agus tagairt a dhéanamh don fhoinse i do fhreagraí ar na ceisteanna seo.

www.xtrapapers.com

LEATHANACH BÁN

www.xtrapapers.com

**Déan staidéar ar an fhoinse thíos agus freagair na ceisteanna a leanann:**

**Foinse**

Is gnách gur ó dhá phríomhbhloc – Aontachtach agus Náisiúnach – a thagann na páirtithe polaitíochta i dTuaisceart Éireann. Mar gheall ar athruithe ar pholasaí agus ar straitéis na bpáirtithe, tá na páirtithe ceannasacha amhail an Páirtí Aontachtach Uladh agus Páirtí Sóisialach Daonlathach an Lucht Oibre sáraithe ag na hiomaitheoirí is radacaí acu. An dóigh ar éirigh leis an Pháirtí Aontachtach Daonlathach agus le Sinn Féin i dtoghcháin, thaispeáin sé go raibh na vótálaithe ag freagairt go dearfach do na hathruithe straitéise atá déanta ag na páirtithe seo ar mhórcheisteanna mar chumhachtroinnt. Caithfidh an UUP agus an SDLP tréimhse a chaitheamh anois lena bpáirtí a athbhreithniú agus a athchóiriú.

*Arna chur in oiriúint ó: Margery McMahon. Government and Politics of Northern Ireland. 3ú heagrán. Colourpoint Press. Lch 50*

**1** Agus tagairt á déanamh agat don fhoinse agus d'ábhar ábhartha ar bith eile a ndearna tú staidéar air, mínigh **dhá** fháth a bhfuil an UUP agus an SDLP "sáraithe ag na hiomaitheoirí is radacaí acu". [8]

**2** Agus tagairt á déanamh agat don fhoinse agus d'ábhar ábhartha ar bith eile a ndearna tú staidéar air, mínigh an dóigh a ndearna an UUP agus an SDLP iarracht an meathlú a aisiompú. [16]

**3** **Ceachtar acu**

**(a)** Meas a rathúla atá an Coiste Feidhmiúcháin maidir le rialú éifeachtach a chur i bhfeidhm i dTuaisceart Éireann. [26]

**Nó**

**(b)** Meas na fáthanna a raibh Páirtí an Chomhaontais ag streachailt i gcónaí i bpolaitíocht Thuaisceart Éireann. [26]

## SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

www.xtrapapers.com

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.